# MOLTAÍ

## MOLADH (AE) 2022/553 ÓN gCOIMISIÚN

## an 5 Aibreán 2022

## maidir le faireachán a dhéanamh ar láithreacht tocsainí *Alternaria* i mbia

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In 2011, ghlac Painéal an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) maidir le hÉillitheoirí sa Bhiashlabhra (Contam) tuairim eolaíoch maidir leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist do shláinte ainmhithe agus an phobail de bharr láithreacht *Alternaria* i mbia ([1]).

(2) D'fhoilsigh EFSA tuarascáil eolaíoch le déanaí freisin maidir leis an measúnú ar nochtadh bia do thocsainí *Alternaria* i ndaonra na hEorpa ([2]). Tháinig sé ar an gconclúid go sáraíonn an nochtadh bia do na tocsainí ailtéarnaról, éitear monaimeitile ailtéarnaróil agus aigéad teineazonach, ar tocsainí iad a bhaineann le *Alternaria*, an tairseach ábhartha d'ábhar imní ó thaobh na tocsaineolaíochta, rud a thug le fios go bhfuil gá le sonraí breise tocsaineachta a bhaineann go sonrach le cumaisc.

(3) Mhol EFSA gur cheart níos mó sonraí tarluithe a bhailiú ar láithreacht tocsainí *Alternaria* in earraí bia ábhartha (torthaí agus táirgí torthaí, trátaí agus táirgí bunaithe ar thrátaí, agus bia gránachbhunaithe do naíonáin agus do leanaí óga, i measc nithe eile). Mhol EFSA freisin go n-úsáidfí modhanna anailíse níos íogaire chun laghdú a dhéanamh ar an neamhchinnteacht maidir leis an nochtadh do na tocsainí *Alternaria* éagsúla mar gheall ar chomhréir ard na sonraí a thuairiscítear a bheith "faoi bhun na teorann cainníochtaithe (LOQ)" sa tacar sonraí atá ar fáil faoi láthair, rud a tharla toisc nach raibh na modhanna anailíse a úsáideadh íogair a ndóthain i gcónaí.

(4) Is féidir le dea-chleachtais talmhaíochta, dea-choinníollacha stórála agus iompair agus dea-chleachtais mhonaraíochta láithreacht tocsainí *Alternaria* i mbia a laghdú nó a chosc. Ní mór tuilleadh faisnéise a bhailiú, áfach, ar na tosca as a dtagann leibhéil measartha ard tocsainí *Alternaria* in earraí bia áirithe chun bheith in ann na bearta atá le déanamh chun láithreacht na dtocsainí *Alternaria* sin sna hearraí bia sin a sheachaint nó a laghdú.

(5) Maidir leis na tosca as a dtagann leibhéil réasúnta ard nó fiú leibhéil shuntasacha tocsainí *Alternaria* chun bheith in earraí bia, chun treoshuíomh a chur ar fáil maidir le cathain a bheadh sé iomchuí na tosca sin a shainaithint, is gá luachanna táscacha a bhunú do bhianna bunaithe ar na sonraí atá ar fáil i mbunachar sonraí EFSA. Níor socraíodh leibhéil tháscacha ach amháin do na hearraí bia a bhfuil a ndóthain sonraí tarluithe ar fáil ina leith.

(6) Is iomchuí, dá bhrí sin, a mholadh go ndéanfaí faireachán ar thocsainí *Alternaria* i mbia agus go sainaithneofaí na tosca a mbíonn leibhéil arda na dtocsainí sin i mbia áirithe mar thoradh orthu,

([1]) Painéal EFSA maidir le hÉillitheoirí sa Bhiashlabhra (Contam); Tuairim Eolaíoch maidir leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist do shláinte ainmhithe agus an phobail de bharr láithreacht tocsainí *Alternaria* i mbeatha agus i mbia. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2011;9 (10):2407. [97 lgh.] doi:10.2903/j.efsa.2011.2407. Ar fáil ag: www.efsa.europa.eu/efsajournal

([2]) EFSA, Arcella D, Eskola M agus Gómez Ruiz JA, 2016. Tuarascáil eolaíoch maidir leis an measúnú ar nochtadh bia do thocsainí *Alternaria* i ndaonra na hEorpa. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2016;14(12):4654, 32 lgh. doi:10.2903/j.efsa.2016.4654.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

(1) Ba cheart do na Ballstáit, i ndlúthchomhar leis na hoibreoirí gnó bia, faireachán a dhéanamh ar na tocsainí ailtéarnaról, éitear monaimeitile ailtéarnaróil agus aigéad teineazonach i mbia, ar toscainí iad a bhaineann le *Alternaria*, agus go háirithe faireachán a dhéanamh ar na toscainí sin i dtáirgí trátaí próiseáilte, púdar paiprice, síolta seasamain, síolta lus na gréine, ola lus na gréine, cnónna crann, figí triomaithe agus bianna gránachbhunaithe do naíonáin agus leanaí óga. Más féidir, ba cheart anailís a dhéanamh freisin ar thocsainí *Alternaria* eile agus na torthaí a thuairisciú don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia.

(2) Chun a áirithiú go mbeidh na samplaí ionadaíoch, ba cheart do na Ballstáit na nósanna imeachta samplála ábhartha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 401/2006 ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2006 ([3]) a leanúint. I gcás táirgí trátaí próiseáilte, ba cheart an nós imeachta samplála a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i gCuid H (táirgí leachtacha) nó i gCuid I (táirgí soladacha) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 401/2006. I gcás ina n-imeoidh an nós imeachta samplála a chuireann an t-oibreoir gnó bia i bhfeidhm ón nós imeachta a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 401/2006, ba cheart go bhfanfadh sé ionadaíoch don luchtóg.

(3) Chun ailtéarnaról agus éitear monaimeitile ailtéarnaróil a chinneadh, níor cheart go mbeadh an LOQ níos airde ná 2 µg/kg i mbianna gránachbhunaithe do naíonáin agus do leanaí óga agus 4 µg/kg i mbianna eile, agus chun aigéad teineazonach a chinneadh, níor cheart go mbeadh an LOQ níos airde ná 20 µg/kg i ngach bia.

(4) Ba cheart do na Ballstáit, le rannpháirtíocht ghníomhach na n-oibreoirí gnó bia, imscrúduithe a dhéanamh chun na tosca a shainaithint a mbeidh na leibhéil sin os cionn na leibhéal táscach mar thoradh orthu agus ar éifeachtaí na próiseála ar leibhéal na dtocsainí *Alternaria* sin, dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo.

(5) Ba cheart do na Ballstáit agus d'oibreoirí gnó bia, faoin 30 Meitheamh gach bliain, na sonraí le haghaidh na bliana roimhe sin a chur ar fáil do EFSA, le tiomsú i mbunachar sonraí amháin i gcomhréir le ceanglais Threoir EFSA maidir le Tuairisciú Caighdeánach ar Shamplaí (SSD) le haghaidh Bia agus Beatha agus le ceanglais tuairiscithe shonracha bhreise ó EFSA ([4]).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Stella KYRIAKIDES
*Comhalta den Choimisiún*

---

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 401/2006 ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2006 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar mhíceatocsainí in earraí bia (IO L 70, 9.3.2006, lch. 12).

([4]) https://www.efsa.europa.eu/en/call/call-continuous-collection-chemical-contaminants-occurrence-data-0

*IARSCRÍBHINN*

Leibhéil tháscacha d'ailtéarnaról, d'éitear monaimeitile ailtéarnaróil agus d'aigéad teineazonach i mbianna áirithe, bunaithe ar na sonraí atá ar fáil i mbunachar sonraí EFSA, leibhéil ar cheart imscrúduithe a dhéanamh os a gcionn, maidir leis na tosca as a dtagann láithreacht tocsainí *Alternaria* nó maidir le héifeacht na próiseála bia. Ní leibhéil sábháilteachta bia iad na leibhéil tháscacha.

| Bia | Ailtéarnaról (AOH) (µg/kg) | Éitear monaimeitile ailtéarnaróil (AME) (µg/kg) | Aigéad teineazonach (TeA) (µg/kg) |
|---|---|---|---|
| Táirgí trátaí próiseáilte | 10 | 5 | 500 |
| Púdar paiprice | - | - | 10 000 |
| Síolta seasamain | 30 | 30 | 100 |
| Síolta lus na gréine | 30 | 30 | 1 000 |
| Ola lus na gréine | 10 | 10 | 100 |
| Cnónna crann | - | - | 100 |
| Figí triomaithe | - | - | 1 000 |
| Bianna gránachbhunaithe do naíonáin agus do leanaí óga | 2 | 2 | 500 |